Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2025/0235(COD)

12.5.2026

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034
(COM(2025)0559 – C10-0171/2025 – 2025/0235(COD))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir don tuairim: Niclas Herbst

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 43

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034
(COM(2025)0559 – C10-0171/2025 – 2025/0235(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0559),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0171/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Bundesrat na Gearmáine, Tithe an Oireachtais in Éirinn, Parlaimint na Spáinne agus Seanad na Rómáine faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 21 Eanáir 2026[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an ... [2],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 58 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2026),

[1] IO C, C/2026/1965, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1965/oj.
[2] IO C ... / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

1. Ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Teideal 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Togra le haghaidh	Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE	RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme ***thacaíocht*** an ***Aontais Eorpaigh don Chomhbheartas*** Iascaigh***, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí*** agus dobharshaothraithe ***an Aontais*** mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034	lena mbunaítear na coinníollacha maidir le cur chun feidhme an ***Chiste Eorpaigh Mhuirí,*** Iascaigh agus Dobharshaothraithe mar chuid den Chiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [Ciste CNR] don tréimhse 2028 go 2034

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Lua 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), ***Airteagal*** 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1),	Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), ***Airteagail 174 agus*** 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1),

Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 de,	Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 de,
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Leis an tacaíocht ón Aontas, rannchuideofar freisin leis na gníomhaíochtaí mar a leagtar amach sa ***Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan*** agus rannchuideofar le cuspóir an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht ár n-aigéin, agus ár sprioc aeráidneodrachta, iomaíochas agus athléimneacht earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais, inbhuanaitheacht, athléimneacht agus iomaíochas gheilleagar gorm na hEorpa, athléimneacht na bpobal cósta agus oileáin, chomh maith leis na réigiúin is forimeallaí, agus feabhsú rialachas na n-aigéan agus fhaire na n-aigéan, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí Copernicus, trí chlár an Aontais Faire na Cruinne agus trí na seirbhísí dá chuid a bhaineann leis an bhfarraige.	(2) Leis an tacaíocht ón Aontas, rannchuideofar freisin leis na gníomhaíochtaí mar a leagtar amach sa ***Chomhbheartas Iascaigh*** agus rannchuideofar le cuspóir an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht ár n-aigéin, agus ár sprioc aeráidneodrachta, iomaíochas agus athléimneacht earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais, inbhuanaitheacht, athléimneacht agus iomaíochas gheilleagar gorm na hEorpa, athléimneacht na bpobal cósta agus oileáin, chomh maith leis na réigiúin is forimeallaí ***agus críocha thar lear***, agus feabhsú rialachas na n-aigéan agus fhaire na n-aigéan, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí Copernicus, trí chlár an Aontais Faire na Cruinne agus trí na seirbhísí dá chuid a bhaineann leis an bhfarraige ***agus an t-ardán Eorpach 'Digital Twin Ocean (DTO-AE)***.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ba cheart an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus	(3) Ba cheart an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus

Réigiúnaí a bheith ***ina rannchuidiú*** le cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta ***an Chomhbheartais Iascaigh (CBI)*** a bhaint amach, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Leis an tacaíocht sin ba cheart a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán CBI.	Réigiúnaí a bheith ***i gcomhréir*** le ***prionsabal na comhréireachta agus a bheith comhsheasmhach leis na*** cuspóirí ***tairbhí*** comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach ***agus rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia*** mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Leis an tacaíocht sin ba cheart a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán CBI.
[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).	[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Ní mór tacú leis na tionscnaimh a leagtar amach faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan agus iad a chur chun cinn le hinfheistíochtaí agus cistiú ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí. ***Cumhdófar réimse leathan gnéithe*** le cur chuige comhtháite i leith cistiú agus beartais atá	(4) Ní mór tacú leis na tionscnaimh a leagtar amach faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan***, agus tosaíocht á tabhairt do na tionscnaimh sin a thacaíonn le hiasach agus dobharshaothrú inbhuanaithe,*** agus iad a chur chun cinn ***go gníomhach*** le hinfheistíochtaí agus

ábhartha don aigéan, mar shampla: caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara mar cheann de chúig inniúlacht eisiacha an Aontais Eorpaigh, caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú agus nuálaíocht i ngníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe, atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht na n-earnálacha sin, na gníomhaíochtaí maidir le CBI a chur chun feidhme, athnuachan glúine, eolas agus faire ar na haigéin, slándáil mhuirí, slándáil bia, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhéadú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, fuinneamh amach ón gcósta agus aigéin, bith-theicneolaíocht agus díshalannú, an oidhreacht chultúrtha faoi uisce agus an oidhreacht chultúrtha chósta a chosaint, tacú le hearnálacha agus tionscail eile an gheilleagair ghoirm a bheith aeráidneodrach, réitigh chliste agus saor ó astaíochtaí a chur in úsáid, tógáil ar an eolaíocht agus ar an Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um na hAigéin, chomh maith le tacaíocht do phleanáil spásúil mhuirí agus do chomhar réigiúnach muirí ar leibhéal an imchuach farraige, chomh maith le forbairt chríochach inbhuanaithe athléimneach na bpobal cósta, na n-oileán ***agus*** na réigiún is forimeallaí.

cistiú ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí. Le cur chuige comhtháite i leith cistiú agus beartais atá ábhartha don aigéan, ***ar cur chuige é a chomhlánaíonn cistiú imfhálaithe do bheartais iascaigh agus dobharshaothraithe in CAI agus lena gcaomhnaítear sláine an chistithe sin, d'fhéadfaí raon leathan gnéithe a chumhdach,*** mar shampla: caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara mar cheann de chúig inniúlacht eisiacha an Aontais Eorpaigh, caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú agus nuálaíocht i ngníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe, atá dírithe ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht na n-earnálacha sin, na gníomhaíochtaí maidir le CBI a chur chun feidhme, athnuachan glúine, eolas agus faire ar na haigéin, slándáil mhuirí, slándáil bia, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt agus a mhéadú, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, fuinneamh amach ón gcósta agus aigéin, bith-theicneolaíocht agus díshalannú, an oidhreacht chultúrtha faoi uisce agus an oidhreacht chultúrtha chósta a chosaint, tacú le hearnálacha agus tionscail eile an gheilleagair ghoirm a bheith aeráidneodrach, réitigh chliste agus saor ó astaíochtaí a chur in úsáid, tógáil ar an eolaíocht agus ar an Straitéis Taighde agus Nuálaíochta um na hAigéin, chomh maith le tacaíocht do phleanáil spásúil mhuirí agus do chomhar réigiúnach muirí ar leibhéal an imchuach farraige, chomh maith le forbairt chríochach inbhuanaithe athléimneach na bpobal cósta, na n-oileán***,*** na réigiún is forimeallaí ***agus críocha thar lear***.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ***Soithí iascaireachta muirí agus intíre ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe, agus iascairí de chois, lena n-áirítear bailitheoirí sliogéisc, a dhéanann*** iascaireacht chósta ar mionscála***.*** Cuimsítear ***leis an earnáil sin*** beagnach 75 % de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh agus is cuid thábhachtach í de chreatlach eacnamaíoch na limistéar cósta. Bíonn oibreoirí ó iascaigh chósta ar mionscála ag brath go háirithe ar stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinse ioncaim. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ar leith na hiascaireachta cósta ar mionscála, agus ar an rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta, mar a shainítear i Rialachán CBI 1380/2013 sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (CNR), mar a leagtar amach in Airteagal 22 de [Rialachán CNR].	(5) ***Leis an*** iascaireacht chósta ar mionscála***,*** cuimsítear beagnach 75 % de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh agus is cuid thábhachtach í de chreatlach eacnamaíoch na limistéar cósta. Bíonn oibreoirí ó iascaigh chósta ar mionscála ag brath go háirithe ar ***rochtain ar limistéir iascaigh agus*** stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinse ioncaim. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais ar leith na hiascaireachta cósta ar mionscála, agus ar an rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta, mar a shainítear i Rialachán CBI 1380/2013 sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí (CNR), mar a leagtar amach in Airteagal 22 de [Rialachán CNR].

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Agus é mar aidhm acu an cleachtas iascaireachta inbhuanaithe a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit é a bheith mar aidhm acu ***cóir fhabhrach*** a thabhairt d'oibreoirí ó iascaigh chósta ar mionscála ***, trí ráta déine cabhrach uasta 100 %***.	(6) Agus é mar aidhm acu ***an cabhlach a nuachóiriú, dálaí oibre agus sábháilteacht ar bord soithí a fheabhsú, agus tacú le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí an Aontais chun*** an cleachtas iascaireachta inbhuanaithe a spreagadh, ba cheart do na Ballstáit é a bheith mar aidhm acu ***ráta déine cabhrach***

uasta 100 % a thabhairt d'oibreoirí***, go háirithe oibreoirí*** ó iascaigh chósta ar mionscála.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart do na Ballstáit na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa ***Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan*** a chur san áireamh ina bPlean CNR, maidir le caomhnú agus athchóiriú acmhainní bitheolaíocha na mara, athchóiriú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú gníomhaíochtaí inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothraithe agus nuálaíocht sna gníomhaíochtaí sin, ag tógáil ar réitigh nuálacha arna dtáirgeadh ag taighde agus eolaíocht, slándáil mhuirí, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, pobail chósta agus oileáin a chosaint agus a chumhachtú agus comhar réigiúnach muirí a chur chun cinn ar leibhéal an imchuach farraige.	(7) Ba cheart do na Ballstáit na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa ***Chomhbheartas Iascaigh agus beartais eile a bhaineann leis na haigéin*** a chur san áireamh ina bPlean CNR, maidir le caomhnú agus athchóiriú acmhainní bitheolaíocha na mara, athchóiriú na bithéagsúlachta muirí, bainistiú gníomhaíochtaí inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothraithe agus nuálaíocht sna gníomhaíochtaí sin, ag tógáil ar ***bhonneagair,*** réitigh nuálacha arna dtáirgeadh ag taighde agus eolaíocht, slándáil mhuirí ***agus bia, taidhleoireacht maidir leis na haigéin bunaithe ar iolrú comhaontuithe idirnáisiúnta, CCIInna agus Comhaontuithe Trádála***, geilleagar gorm iomaíoch agus inbhuanaithe a fhorbairt, ***Páirtithe leasmhara agus cuideachtaí an Aontais agus*** pobail chósta agus oileáin a chosaint agus a chumhachtú agus comhar réigiúnach muirí a chur chun cinn ar leibhéal an imchuach farraige.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Le próiseas bailíochtaithe an Choimisiúin le haghaidh Pleananna CNR, ba cheart inniúlachtaí ar leith na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a urramú. Áirítear leis sin a róil maidir le cláir thacaíochta a chlársceidealú, a chur chun feidhme agus a bhainistiú, i gcomhréir iomlán le creat bunreachtúil inmheánach gach Ballstáit.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart ***é a bheith indéanta*** tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascach, le dobharshaothrú agus leis an ngeilleagar gorm, a rannchuidíonn le ***baint amach chuspóirí*** comhshaoil an Aontais agus ***chuspóirí*** an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, lena n-áirítear an t-aistriú fuinnimh le haghaidh na n-earnálacha ***uile***.	(8) Ba cheart ***do na Ballstáit*** tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascach, le dobharshaothrú agus leis an ngeilleagar gorm, a rannchuidíonn le ***hiomaíochas, geilleagar agus fostaíocht an Aontais, beogacht chríocha na hEorpa, cuspóirí*** comhshaoil an Aontais agus ***cuspóirí*** an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, ***le huathriail straitéiseach an Aontais*** lena n-áirítear an t-aistriú fuinnimh le haghaidh na n-earnálacha ***sin, chomh maith le láithreacht, taidhleoireacht agus cumhacht 'bhog' an Aontais ar na haigéin.***

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Déanfaidh na Ballstáit rialacha earnáilsonracha a shainiú agus a chur i bhfeidhm ina sonrófar an bhfuil sé indéanta nó iomchuí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm maidir le hiascach, dobharshaothrú agus gníomhaíochtaí gaolmhara chun aon léirmhíniú dlíthiúil a sheachaint a d'fhéadfadh srian a chur leis an gcistiú do na gníomhaíochtaí sin. Thairis sin, má chuirtear an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i bhfeidhm, ba cheart tionchar réiteach malartach ar an leibhéal domhanda a chur san áireamh, go háirithe má bhíonn tionchar níos mó acu ná mar atá ag tionchar an Aontais, amhail tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta allmhairí táirgí uisceacha.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8b) Ba cheart do na Ballstáit a shonrú freisin an bhfuil prionsabal an chomhionannais inscne indéanta nó iomchuí lena chur i bhfeidhm i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn ag roinnt príomhearnálacha, lena n-áirítear iascach agus talmhaíocht, maidir le hoibrithe a mhealladh agus athnuachan ó ghlúin go glúin.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8c) I gcás ina gcuirtear i bhfeidhm an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá beartaithe ag an gCoimisiún, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh an gá atá leis na cuspóirí a leagtar amach do na cláir nó do na hionstraimí lena mbaineann a bhaint amach i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, an gá atá le dúbláil nó aon oibleagáidí nua a sheachaint a théann thar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, na hardleibhéil chosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, an t-ualach riaracháin agus tuairiscithe ar údaráis agus ar thairbhithe, conairí dícharbónaithe agus straitéisí aistrithe fuinnimh na n-earnálacha lena mbaineann, agus prionsabal na comhréireachta. Ba cheart a mheas go gcomhlíonann gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe a chomhlíonann ceanglais an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) cheana féin an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Tá Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM) do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ina phríomhcholún de chuid an	(9) Tá Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM) do tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ina phríomhcholún de chuid an

Chomhbheartais Iascaigh, agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le cobhsaíocht agus trédhearcacht mhargaí iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a áirithiú. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit tacaíocht san áireamh ina bPlean CNR, go háirithe tacaíocht do ***bhunú*** agus neartú Eagraíochtaí Táirgeoirí, cur chun feidhme agus forfheidhmiú caighdeán margaíochta, agus bailiú agus scaipeadh sonraí margaidh ar an leibhéal náisiúnta.	Chomhbheartais Iascaigh, agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le cobhsaíocht***, intuarthacht*** agus trédhearcacht mhargaí iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a áirithiú. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit tacaíocht san áireamh ina bPlean CNR, go háirithe tacaíocht do ***CAI níos simplí agus níos spriocdhírithe lena mbaintear amach an chothromaíocht cheart idir dreasachtaí, infheistíochtaí agus rialáil agus idir cobhsaíocht praghsanna áirithe do thomhaltóirí an Aontais, agus ioncam leordhóthanach á thabhairt ag an am céanna d'iascairí agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe, chomh maith leis an slabhra luacha domhanda san Aontas, atá tarraingteach go leor chun go mbainfear amach athnuachan glúine, bunú*** agus neartú Eagraíochtaí Táirgeoirí, cur chun feidhme agus forfheidhmiú caighdeán margaíochta, agus bailiú agus scaipeadh sonraí margaidh ar an leibhéal náisiúnta.
	Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Tá an Comhbheartas Iascaigh bunaithe ar chinnteoireacht eolaíochtbhunaithe ***agus*** ar chomhlíonadh rialuithe leormhaithe agus ní ghlactar ann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Ba cheart tacú leis na Ballstáit reachtaíocht chomhfhreagrach an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus a áirithiú go mbíonn na gníomhaíochtaí sna réimsí sin ***pleanáilte***.	(10) Tá an Comhbheartas Iascaigh bunaithe ar chinnteoireacht eolaíochtbhunaithe***, ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha,*** ar chomhlíonadh rialuithe leormhaithe agus ní ghlactar ann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Ba cheart tacú leis na Ballstáit ***feabhas a chur ar an mbailiú sonraí agus ar an gcomhairle eolaíoch atá fíor-riachtanach chun*** reachtaíocht chomhfhreagrach ***cheart*** an Aontais Eorpaigh ***a fhorbairt agus*** a chur chun feidhme agus ***chun*** a áirithiú go ***ndéanfar***

	na gníomhaíochtaí sna réimsí sin ***a choinneáil nó a phleanáil le fís ghearrthéarmach agus fhadtéarmach***.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an Rialachán seo, leagtar síos coinníollacha sonracha chun tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán XX [Ciste CNR], agus go háirithe pointe (d) de. Leis an tacaíocht ón Aontas, rannchuideofar ***leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus*** le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh.	Leis an Rialachán seo, leagtar síos coinníollacha sonracha chun tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán XX [Ciste CNR], agus go háirithe pointe (d) de. Leis an tacaíocht ón Aontas, rannchuideofar***, mar thosaíocht,*** le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, lena n-áirítear an tSaoráid AE, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].	Cuirfear an tacaíocht sin ón Aontas ar fáil faoin ***gCiste Eorpach um Iomaíochas, faoin ionstraim um an Eoraip Dhomhanda agus faoin*** gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, lena n-áirítear an tSaoráid AE, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) […] [Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 2	***scriosta***
Tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais	
1. Leis an tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh, don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais, tacófar leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(d) de [Rialachán CNR].	

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh***,*** ***don Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan*** agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais	Tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	-1. Tacóidh tacaíocht don Chomhbheartas Iascaigh agus do bheartas muirí agus dobharshaothraithe an Aontais leis na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (d), de [Rialachán CNR].

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh na Ballstáit riachtanais shonracha an iascaigh***,*** an dobharshaothraithe ***agus na bpobal cósta, agus na hiascaireachta cósta ar mionscála go háirithe,*** san áireamh ina bplean CNR, i gcomhréir le hAirteagal 22 ***(2) (i)*** de [Rialachán CNR].	1. Cuirfidh na Ballstáit ***mar thosaíocht*** riachtanais shonracha an iascaigh ***agus*** an dobharshaothraithe***, lena n-áirítear iascaireacht ar mionscála chomh maith leis na gníomhaíochtaí agus an daonra uile a bhraitheann ar na gníomhaíochtaí sin amhail pobail chósta nó na réigiúin is forimeallaí agus críocha thar lear*** san áireamh ina bplean CNR, i gcomhréir le hAirteagal 22 ***(2), pointe (g)(iii),*** de [Rialachán CNR].

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na Ballstáit an rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta ***agus an chothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta na gcabhlach agus na deiseanna***	2. Cuirfidh na Ballstáit an rannchuidiú le hinbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta oibríochtaí iascaireachta san áireamh ina bPlean CNR i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

iascaireachta atá ar fáil san áireamh ina bPlean CNR***, arna dtuairisciú ag na Ballstáit go bliantúil*** i gcomhréir le ***hAirteagal 22(2) de*** Rialachán (AE) Uimh 1380/2013.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfaidh na Ballstáit cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha is infheidhme, agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh agus i gcomhréir le modheolaíocht iomchuí maidir le príomhshruthú inscne.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh an t-iarratas ar thacaíocht a chuireann an t-iarratasóir isteach neamh-inghlactha ar feadh na tréimhse ama a shainítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal XX de Rialachán XX ar a laghad [Ciste NRP] (Córas rialúcháin le haghaidh maoirseacht feirme agus an Chomhbheartais Iascaigh) más rud é gur chinn an t-údarás inniúil an méid seo a leanas maidir leis an iarratasóir lena mbaineann:	***scriosta***

(a) go ndearna sé sáruithe tromchúiseacha faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[30] ón gComhairle nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nó faoi reachtaíocht eile a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle faoi chuimsiú CBI;

(b) go raibh sé páirteach in oibriú, i mbainistiú nó in úinéireacht soithigh iascaireachta atá ar áireamh i liosta soithí NNN an Aontais a leagtar amach in Airteagal 40(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 nó soithigh a bhfuil bratach tíortha a shainaithnítear mar thríú tíortha neamh-chomhoibritheacha, mar a leagtar amach in Airteagal 33 den Rialachán sin, ar foluain aici; nó

(c) go ndearna sé aon cheann de na cionta comhshaoil a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], i gcás ina ndéantar an t-iarratas ar thacaíocht a thíolacadh le haghaidh idirghabhálacha sonracha dobharshaothraithe.

Chun críocha an fhíoraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír (a) den mhír seo, cuirfidh Ballstát ar fáil, arna iarraidh sin do Bhallstát eile, an fhaisnéis atá ina chlár náisiúnta de sháruithe dá dtagraítear in Airteagal 93 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Is ar na rialacha earnáilsonracha amháin a bhunóidh an Coimisiún, nó na Ballstáit nó na húdaráis inniúla,

incháilitheacht gníomhaíochta faoin mbuiséad agus ní chuirfear srian orthu leis an sainmhíniú ar réimsí idirghabhála ná le cur i bhfeidhm prionsabal cothrománach, nach mbunaítear ach amháin chun caiteachas a rianú agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhuiséid.

Ní úsáidfidh na Ballstáit an creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid mar choinníoll le haghaidh rochtain ar chistiú, ná ní úsáidfear é chun leithdháileadh, dáileadh nó cur chun feidhme chistiú an Aontais idir riaracháin nó i leith tairbhithe a chinneadh, tionchar a imirt orthu ná srian a chur leo.

Déanfaidh na Ballstáit rialacha earnáilsonracha a shainiú agus a chur i bhfeidhm ina sonrófar an bhfuil sé indéanta nó iomchuí an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm maidir le hiascach, dobharshaothrú agus gníomhaíochtaí gaolmhara chun aon léirmhíniú dlíthiúil a sheachaint a d'fhéadfadh srian a chur leis an gcistiú do na gníomhaíochtaí sin. Má tá an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' le cur i bhfeidhm, cuirfear san áireamh ann tionchar réiteach malartach ar an leibhéal domhanda, go háirithe má tá tionchar níos mó acu ná mar atá ag tionchar an Aontais, amhail tionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta allmhairí táirgí uisceacha.

Ba cheart do na Ballstáit a shonrú freisin an bhfuil prionsabal an chomhionannais inscne indéanta nó iomchuí lena chur i bhfeidhm i bhfianaise na ndeacrachtaí a bhíonn ag roinnt príomhearnálacha, lena n-áirítear iascach agus talmhaíocht, maidir le hoibrithe a mhealladh agus athnuachan ó ghlúin go glúin.

I gcás ina gcuirtear i bhfeidhm an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá beartaithe ag an

gCoimisiún, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh an gá atá leis na cuspóirí a leagtar amach do na cláir nó do na hionstraimí lena mbaineann a bhaint amach i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, an gá atá le dúbláil nó aon oibleagáidí nua a sheachaint a théann thar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, na hardleibhéil chosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, an t-ualach riaracháin agus tuairiscithe ar údaráis agus ar thairbhithe, conairí dícharbónaithe agus straitéisí aistrithe fuinnimh na n-earnálacha lena mbaineann, agus prionsabal na comhréireachta. Ba cheart a mheas go gcomhlíonann gníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe a chomhlíonann ceanglais an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) cheana féin an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

Ní bheidh feidhm ag an gcreat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid arna bhunú le Rialachán 2025/0545 maidir le hidirghabhálacha iascaigh arna gcur chun feidhme sna réigiúin is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE. Chun críocha na n-idirghabhálacha sonracha sin, ceapfaidh na Ballstáit táscairí iomchuí, a mbeidh údar cuí leo, lena ndéantar na srianta a bhaineann go dlúth leis na réigiúin is forimeallaí a chur san áireamh mar a leagtar amach in Airteagal 349 CFAE.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3a
	Sainmhínithe
	Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:
	(1) 'ciallaíonn "iascaireacht chósta ar mionscála" gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann:
	(a) báid iascaireachta a chomhlíonann dhá cheann ar a laghad de na critéir seo a leanas:
	(i) ní mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán;
	(ii) tá siad ag oibriú go heisiach laistigh d'uiscí teorann an Stáit brataí;
	(iii) maireann a dturais níos lú ná 24 uair an chloig, ón am imeachta ón gcalafort go dtí an t-am a bhfilleann siad ar an gcalafort;
	(iv) nach bhfuil níos mó ná ceathrar ar a bhfoireann;
	(v) úsáideann siad trealamh roghnaitheach iascaireachta a bhfuil tionchar íseal aige ar an gcomhshaol;
	(b) iascairí de chois, lena n-áirítear bailitheoirí sliogéisc;
	(2) ciallaíonn 'iascaire' aon duine nádúrtha ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, mar a aithníonn an Ballstát lena mbaineann lena n-áirítear iascairí de chois, amhail bailitheoirí sliogéisc;
	(3) ciallaíonn "iascaireacht" aon duine nádúrtha a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, mar a aithníonn an Ballstát;
	(4) ciallaíonn "geilleagar gorm inbhuanaithe" gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh inmheánaigh a bhaineann leis an aigéan, le farraigí, le cóstaí agus le huiscí intíre, lena

gcumhdaítear na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh, ar ghníomhaíochtaí iad lena ndéantar an inbhuanaitheacht comhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch a áirithiú go fadtéarmach agus atá comhsheasmhach leis na SFInna, agus go háirithe le SFI 14, agus le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais;

(5) ciallaíonn 'beartas muirí' beartas an Aontais a bhfuil sé d'aidhm aige cinnteoireacht chomhtháite chomhleanúnach a chothú chun forbairt inbhuanaithe, fás eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta an Aontais a uasmhéadú, go háirithe sna limistéir chósta agus oileánacha agus sna réigiún is forimeallaí, chomh maith le hearnálacha an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, trí bhíthin beartais chomhtháite a bhaineann le cúrsaí muirí agus trí bhíthin comhar idirnáisiúnta ábhartha; beartais chomhtháite a bhaineann le cúrsaí muirí agus comhar idirnáisiúnta ábhartha;

(6) ciallaíonn "slándáil mhuirí agus faireachas muirí" gníomhaíochtaí a dhéantar chun tuiscint a fháil ar na teagmhais agus na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an réimse muirí, chun cosc a chur leo i gcás inarb infheidhme agus chun bainistiú cuimsitheach a dhéanamh orthu, ar teagmhais iad agus ar gníomhaíochtaí iad a d'imreodh tionchar ar réimsí na sábháilteachta muirí agus na slándála muirí, fhorfheidhmiú an dlí, na cosanta, an rialaithe teorann, chosaint an chomhshaoil mhuirí, an rialaithe iascaigh, na trádála agus leas eacnamaíoch an Aontais;

(7) ciallaíonn "an líonra breathnóireachta agus sonraí muirí Eorpach" nó 'EMODnet'

comhpháirtíocht ina gcuirtear sonraí agus meiteashonraí muirí i dtoll a chéile chun gur fusa ag an bpobal agus ag úsáideoirí príobháideacha rochtain a bheith acu ar na hacmhainní ilroinnte sin agus iad a úsáid trí shonraí muirí idir-inoibritheacha, comhchuibhithe, ar cháilíocht dhearbhaithe, a chur ar fáil;

(8) ciallaíonn "pleanáil spásúil mhuirí" próiseas trína ndéanann údaráis an Bhallstáit ábhartha anailís ar ghníomhaíochtaí an duine i limistéir mhuirí, agus trína ndéanann siad na gníomhaíochtaí sin a eagrú, chun cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach;

(9) ciallaíonn 'faire na n-aigéan' bunchloch an eolais mhuirí uile. Is í an bunús leis an tuiscint ar éiceachórais mhuirí agus ar na tosca a mbíonn tionchar acu orthu. Soláthraítear léi sonraí criticiúla le haghaidh réamhaisnéis na haimsire, straitéisí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, faireachán ar theagmhais fhoircneacha, slándáil shibhialta – dálaí farraige, tuilte –, loingseoireacht mhuirí, fuinneamh amach ón gcósta, iascach agus dobharshaothrú, agus níos mó agus níos mó le haghaidh slándála agus cosanta. Cruthaíonn sí an bonn don chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus soláthraíonn sí faisnéis ríthábhachtach faoin tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar shláinte na n-aigéan agus faoi na seirbhísí a chuireann an t-aigéan ar fáil do shochaithe.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe ó Airteagal 4 den togra maidir le pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (2025/0240(COD))

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3b
	Coinníollacht na n-athchóirithe agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí earnála
	Ní bheidh feidhm ag na ceanglais agus na moltaí a bhaineann go sonrach le gach beartas earnála ach amháin maidir leis na bearta a áirítear sa chaibidil a chomhfhreagraíonn don bheartas sin. Ní fhéadfar, i gcás ar bith, iad a leathnú chuig bearta i réimsí eile. Ní fhéadfar cistiú ón Aontas faoi bhainistíocht chomhroinnte a chur de choinníoll ar chomhlíonadh garspriocanna agus spriocanna atá nasctha le hathchóirithe sonracha ar an leibhéal náisiúnta ach amháin i gcás ina léirítear go bhfuil na hathchóirithe sin comhréireach, dea-chalabraithe, go bhfuil nasc díreach inléirithe acu le cuspóirí bheartais ábhartha an Aontais, agus go mbunaítear iad ar an leibhéal iomchuí inniúlachta.
	Ní ghearrfar pionós ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla, ná ar thairbhithe eile, ná ní chuirfear a gcistiú ar fionraí ná ní laghdófar é, ná ní chuirfear freagracht orthu as mainneachtain athchóirithe a chur chun feidhme a thagann go heisiach faoin leibhéal náisiúnta agus atá lasmuigh dá réimse inniúlachta nó freagrachta. Ní fhéadfaidh athchóirithe náisiúnta coinníollacha a fhorchur ar infheistíochtaí fonáisiúnta ach amháin i gcás ina bhfuil tionchar díreach áitiúil ag na hathchóirithe sin a chuireann le cuspóirí an bheartais chomhtháthaithe nó a ghineann tairbhí soiléire trasteorann don Aontas ina iomláine.
	Agus an tionchar díreach áitiúil sin á

chinneadh acu, déanfaidh na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla measúnú i dtaobh an bhfuil tionchar díreach áitiúil ag na hathchóirithe sin. Ina theannta sin, féadfaidh údaráis réigiúnacha agus áitiúla teacht ar chomhaontú go bhforchuirfear le hathchóirithe nó gníomhaíochtaí fonáisiúnta coinníollacha maidir le garspriocanna agus spriocanna sonracha, ar choinníoll go nglacfar an comhaontú sin i gcomhréir leis an gcreat institiúideach agus leis na rialacha maidir le rialachas il-leibhéil gach Ballstáit.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3c
	An buiséad
	Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais atá tiomnaithe don iascach agus don dobharshaothrú mar a leanas:
	(1) déanfar EUR 7 290 000 000 ar a laghad a leithdháileadh ar na bearta a leagtar amach i bpointe (6) den Airteagal seo;
	(2) EUR 6 500 000 000 ar a laghad le haghaidh idirghabhálacha a liostaítear in Airteagal 3d den Rialachán seo;
	(3) leithdháilfear EUR 71 933 000 000 ar a laghad ar an tSaoráid dá dtagraítear i dTeideal IV de [Rialachán CNR]; déanfar íosmhéid EUR 1 000 000 000 a leithdháileadh faoi Shaoráid AE ar ghníomhaíochtaí an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh;
	(4) ní bheidh céatadán na ranníocaíochta

náisiúnta a chomhfhreagraíonn do na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 3d den Rialachán seo níos lú ná 30 %, cé is moite de chúiteamh as costais bhreise sna réigiúin is forimeallaí, sa chás sin ní bheidh ranníocaíocht náisiúnta ann;

(5) Féadfaidh na Ballstáit cómhaoiniú príobháideach na n-idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht faoin bplean a cheadú, ar choinníoll go slógfar na rannchuidithe sin ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí forbartha críochaí an phlean, lena n-áiritheofar go rannchuideoidh infheistíocht phríobháideach le forbairt réigiúnach fhadtéarmach, go neartóidh sí éiceachórais eacnamaíocha áitiúla agus go dtacóidh sí le cuspóirí comhtháthaithe seachas le leasanna tráchtála gearrthéarmacha. Beidh ranníocaíochtaí príobháideacha trédhearcach, inrianaithe agus comhsheasmhach le rialacha Státchabhrach agus le critéir maidir le leas an phobail;

(6) Measfaidh na Ballstáit freisin go n-úsáidfear an Ciste Eorpach um Iomaíochas le haghaidh cuspóirí tionsclaíocha fadtéarmacha atá nasctha le bonneagair nó le nuachóiriú nó dícharbónú an chabhlaigh iascaireachta;

(7) is éard a bheidh sna leithdháiltí sin imchlúdaigh airgeadais náisiúnta íosta agus ní dhéanfar iad a laghdú, a ath-leithdháileadh ná a aistriú chuig réimsí beartais eile laistigh den Phlean CNR.

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Airteagal 3d

Cineálacha idirghabhála faoin gComhbheartas Iascaigh

Áirítear ar idirghabhálacha faoin gComhbheartas Iascaigh:

(1) tacaíocht don iascach agus don dobharshaothrú inbhuanaithe, agus athbhunú, cosaint agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha uisceacha, na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras uisceach atá nasctha le riachtanais an iascaigh agus an dobharshaothraithe, lena n-áirítear scor sealadach agus buan, an t-aistriú fuinnimh, athnuachan cabhlaigh agus athnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, chomh maith le bearta chun sábháilteacht agus dálaí maireachtála ar bord soithí a fheabhsú;

(2) tacaíocht don nuálaíocht le haghaidh cleachtais iascaireachta níos roghnaí agus do chaomhnú, cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras uisceach;

(3) tacaíocht do chomheagrú na margaí (CEM);

(4) tacaíocht d'iascairí nó do tháirgeoirí dobharshaothraithe as cúiteamh a thabhairt d'oibreoirí na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe as a gcailliúint ioncaim nó as costais bhreise agus cúiteamh a thabhairt d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a stórálann táirgí iascaigh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ar choinníoll go stóráiltear na táirgí sin i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 den Rialachán sin;

(5) tacaíocht do tháirgeoirí iascaigh agus dobharshaothraithe a bhfuil deacrachtaí sonracha acu amhail na deacrachtaí arb iad speicis ionracha agus creachadóirí faoi chosaint is cúis leo;

(6) tacaíocht don earnáil cannadóireachta

agus próiseála;

(7) tacaíocht d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, go háirithe Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh;

(8) tacaíocht do ghníomhaíochtaí margaíochta chun tomhaltas táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chur chun cinn.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe ó Airteagal 35(11) den togra maidir le pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (2025/0240(COD))

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3e
	Clár Iascaigh POSEI le haghaidh na réigiún is forimeallaí
	1. Glacfaidh na Ballstáit bearta sonracha i réimse an iascaigh agus an dobharshaothraithe — 'Clár Iascaigh POSEI' — chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a eascraíonn as cineál is forimeallaí na réigiún sin, go háirithe an iargúltacht, an t-oileánachas, beagmhéid, topagrafaíocht agus aeráid achrannach, chomh maith leis an spleáchas eacnamaíoch ar líon teoranta táirgí, sna réigiúin den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE. Beidh sé d'aidhm ag na bearta sin:
	(a) soláthar táirgí riachtanacha iascaigh agus dobharshaothraithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine nó lena bpróiseáil, chomh maith leis na hionchuir is gá le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta, a áirithiú do na réigiúin is

forimeallaí trí na costais bhreise a bhaineann lena staid is forimeallaí a laghdú, gan difear a dhéanamh don táirgeadh áitiúil ná dá fhorbairt;

(b) slabhra soláthair an iascaigh agus an dobharshaothraithe a choinneáil ar bun agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil agus margú táirgí áitiúla;

(c) rannchuidiú, más cuí, le maoiniú athnuachana na gcabhlach iascaireachta sna réigiúin sin.

2. Áireofar an méid seo a leanas i gclár Iascaigh POSEI:

(a) tráthchlár don chur chun feidhme agus tábla airgeadais bliantúil táscach ina ndéanfar achoimre ar na hacmhainní a bheidh le slógadh;

(b) bonn cirt le comhoiriúnacht agus comhleanúnachas bhearta éagsúla an chláir, chomh maith leis na critéir chainníochtúla agus na táscairí cainníochtúla a úsáidtear chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh;

(c) forálacha lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach;

(d) ainmniú na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Chláir, agus ainmniú, ar na leibhéil iomchuí, na n-údarás nó na gcomhlachtaí comhlachaithe agus na gcomhpháirtithe socheacnamaíocha, chomh maith le torthaí na gcomhairliúchán arna ndéanamh. Déanfaidh an Coimisiún na bearta arna moladh ag na Ballstáit ina gclár Iascaigh POSEI a fhormheas sula gcuirfear chun feidhme iad.

3. Is é EUR 362 000 000 an t-íosmhéid a leithdháilfear ar na bearta sin.

4. Féadfaidh na Ballstáit cistiú breise a dheonú do chur chun feidhme chláir Iascaigh POSEI. Féadfaidh cabhair den sórt sin a bheith i bhfoirm cabhair

oibriúcháin i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe, chun srianta sonracha na réigiún sin a bhaineann lena leithlisiú, lena n-oileánachas nó lena n-iargúltacht a mhaolú. Sa chás sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin Státchabhair agus féadfaidh an Coimisiún í a fhormheas faoin Rialachán seo faoi gach clár iascaigh POSEI. Maidir le Státchabhair a fógraíodh amhlaidh, measfar í a bheith fógartha de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 108(3) CFAE.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3f
	Íocaíochtaí géarchéime le hiascairí agus le táirgeoirí dobharshaothraithe i gcásanna eisceachtúla
	1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a dheonú d'iascairí agus do tháirgeoirí dobharshaothraithe a ndéanann cásanna éigeandála eisceachtúla amhail tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, tubaistí nó géarchéimeanna eile difear dóibh. Beidh na híocaíochtaí sin beartaithe chun leanúnachas an iascaigh nó an dobharshaothraithe nó gníomhaíochtaí gaolmhara a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit ar bhealach níos mionsonraithe.
	2. Beidh cabhair a dheonaítear faoin Airteagal seo faoi réir aitheantas foirmiúil ag údarás inniúil Ballstáit má tharlaíonn cás éigeandála eisceachtúil amhail

tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide, tubaiste nó cás géarchéime eile, arna shainiú ag an mBallstát sin, agus gur chuir tarlú an cháis sin isteach go mór ar an rochtain ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, ar an soláthar táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus ar an éileamh orthu a bhfuil na hoibreoirí dá dtagraítear i mír 1 ag brath orthu, nó méadú suntasach ar a gcaiteachas oibriúcháin mar thoradh ar tharlú na staide.

Go háirithe, áireofar an méid seo a leanas sna cásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) scor sealadach gníomhaíochtaí de bhun bearta dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointí (a), (b), (c), (i) agus (j) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó bearta caomhnaithe coibhéiseacha is infheidhme arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh;

(b) scor sealadach de ghníomhaíochtaí de bhun Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(c) scor sealadach gníomhaíochtaí toisc nár chomhlíon tríú tír nó tríú críoch a cuid oibleagáidí idirnáisiúnta nó toisc gur cuireadh isteach ar chur i bhfeidhm comhaontaithe idirnáisiúnta; agus

(d) scor sealadach de ghníomhaíochtaí mar thoradh ar speicis ionracha.

3. Measfar go mbraitheann oibreoirí ar tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe nuair a chomhdhéanann na táirgí nó na gníomhaíochtaí a ndéanann an staid difear dóibh 30 % ar a laghad dá meánghníomhaíochtaí tráchtála bliantúla i gcaitheamh na tréimhse 3 bliana roimhe sin, nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, cé is moite de na luachanna is airde agus is ísle.

4. Socróidh na Ballstáit na rátaí cabhrach is infheidhme mar chúiteamh ar chaillteanas táirgeachta, ar ioncam ligthe

thar ceal, nó ar chostais bhreise a tabhaíodh. I gcás inarb iomchuí, beidh na rátaí sin níos airde i gcás iascairí agus táirgeoirí dobharshaothraithe a dhéanann idirghabhálacha nó bearta coisctheacha eile ar leibhéal a ngealltanais chun na rioscaí a bhaineann le táirgeadh agus ioncam dá ndeonaítear an chabhair a laghdú. Féadfar innéacsanna a úsáid chun caillteanas táirgeachta a ríomh.

5. Agus cabhair á deonú faoin Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go seachnófar róchúiteamh a eascraíonn as an tacaíocht sin a chomhcheangal le hionstraimí cabhrach náisiúnta eile nó le hionstraimí cabhrach eile den Aontas nó le scéimeanna árachais phríobháidigh, agus go mbeidh an cúiteamh teoranta d'fhad an cháis amháin.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe ó Airteagal 38 den togra maidir le pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (2025/0240(COD)).

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3g
	Córas rialúcháin le haghaidh maoirseacht feirme agus comhbheartas iascaigh
	1) (a) Fioróidh na Ballstáit, mar chuid de na seiceálacha dá dtagraítear in Airteagal 58 [Freagrachtaí na mBallstát] de [Rialachán CNR], go gcomhlíonann tairbhithe na ceanglais a bhaineann leis an riarachán freagrach.
	(b) I gcás inar roghnaíodh tairbhí le

haghaidh seiceáil ar an láthair ar iarratas ar chabhair nó ar éileamh íocaíochta, ní roghnóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir agus na rioscaí gaolmhara á gcur san áireamh, an tairbhí sin le haghaidh seiceáil agus sampla rialaithe ina dhiaidh sin le haghaidh na bliana sin, ach amháin i gcás ina n-éilítear níos mó ná seiceáil amháin ar an láthair leis na himthosca chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ní laghdódh an fhoráil sin leibhéal na seiceálacha.

2. Bainfidh na Ballstáit úsáid as a gcórais rialúcháin agus forfheidhmiúcháin i réimsí na haeráide agus an chomhshaoil, na sláinte poiblí, na sláinte plandaí agus an leasa ainmhithe, na reachtaíochta sóisialta agus dhlí an tsaothair, na gcaighdeán saothair is infheidhme, an iascaigh agus an dobharshaothraithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tairbhithe na cabhrach na ceanglais a leagtar amach sa chéad mhír.

3. I gcás inarb infheidhme, tabharfar fógra faoi chásanna neamhchomhlíonta don údarás bainistíochta nó don ghníomhaireacht íocaíochta uair amháin sa bhliain ar a laghad i gcás ina ndearnadh cinntí forfheidhmiúcháin ina leith sin faoi na córais rialaithe agus forfheidhmithe is infheidhme dá dtagraítear i mír 2. Áireofar san fhógra sin measúnú agus aicmiú ar thromchúis, raon feidhme, marthanacht nó athdhéanamh, agus intinniúlacht an neamhchomhlíonta atá i gceist.

4. I gcás nach gcomhlíontar Airteagal XX den Rialachán seo, déanfar an chabhair a íocadh leis an tairbhí a aisghabháil agus ní bheidh an t-iarratas ar chabhair arna chur isteach ag tairbhí inghlactha ar feadh tréimhse sonraithe ama, má shuitear, le cinneadh críochnaitheach ón údarás inniúil lena mbaineann, go ndearna an tairbhí calaois.

5. Áiritheoidh na Ballstáit nach

ndeonófar cúnamh airgeadais ón Aontas ach amháin sa chás nár forchuireadh aon phionóis ar an oibreoir mar gheall ar sháruithe tromchúiseacha faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 nó faoi reachtaíocht eile arna glacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi chuimsiú CBI le linn na bliana roimh dháta chur i bhfeidhm an chúnaimh sin

6. Chun cothrom iomaíochta idir na Ballstáit agus éifeachtacht, comhréireacht agus éifeacht athchomhairleach na n-aisghabhálacha agus na neamh-inghlacthachta dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4a, lena bhforlíontar an Rialachán seo tríd an tairseach lena spreagtar neamh-incháilitheacht agus fad na neamh-incháilitheachta sin a chinneadh, lena n-áirítear na tairseacha lena spreagtar í.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe ó Airteagal 62 den togra maidir le pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (2025/0240(COD)).

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3h
	Státchabhair
	1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag

Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le tacaíocht faoin Rialachán seo agus faoi
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 i ndáil le cineálacha idirghabhála a leagtar síos i gCuid II, Teideal I, Caibidil IIa den Rialachán sin nó maidir le cabhair arna deonú ag na Ballstáit do ghnóthais in earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le cabhair arna híoc ag na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo agus i gcomhréir leis; leis an ranníocaíocht náisiúnta le costais incháilithe arna soláthar ag na Ballstáit le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (d) go (f) agus (h) go (r) de [Rialachán CNR]; maidir le cistiú náisiúnta breise arna dheonú le haghaidh idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (d) go (f) agus (h) go (r) de [Rialachán CNR], a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE; ná do chabhair arna deonú ag na Ballstáit do ghnóthais in earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE.

3. Maidir le cabhair arna deonú ag na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i ndáil le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE agus atá beartaithe cistiú breise a sholáthar le haghaidh na n-idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (d), (e) agus (f) agus (h) go (r), de [Rialachán NRP], a ndeonaítear cabhair ón Aontas ina leith tráth ar bith le linn thréimhse an phlean, ní fhéadfar í a dheonú ach amháin má chomhlíonann siad forálacha an Rialacháin seo agus
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus má leagtar amach sa phlean NRP iad.

4. Ní sholáthróidh na Ballstáit cistiú náisiúnta breise le haghaidh na n-

idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 35(1), pointí (a), (b), (c) agus (g), de [Rialachán CNR].

5. Maidir leis na táirgí talmhaíochta, iascaigh agus dobharshaothraithe a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, a bhfuil feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 de maidir leo, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 108 CFAE, cabhair oibriúcháin a údarú sna hearnálacha ina dtáirgtear, ina bpróiseáiltear agus ina margaítear na táirgí sin, d'fhonn na srianta sonracha ar tháirgeadh feirmeoireachta, iascaigh agus dobharshaothraithe sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha mar thoradh ar a leithlisiú, a n-oileánachas, a mbeagmhéid agus a bhfíoriargúltacht a mhaolú.

Féadfaidh na Ballstáit cistiú breise a dheonú chun idirghabhálacha a chur chun feidhme sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin bheaga Aeigéacha i gcomhréir leis an Rialachán seo. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin gcistiú breise, agus féadfaidh an Coimisiún é a fhormheas, i gcomhréir leis an Rialachán seo, mar chuid de na pleananna. Dá bhrí sin, measfar gur tugadh fógra faoin gcabhair a fógraíodh chun críocha na chéad abairte d'Airteagal 108(3) CFAE.

6. Féadfar comharbas soithí iascaireachta a chumhdach leis an tacaíocht, lena n-áirítear aistriú úinéireachta soithigh nó sciar rialaithe de, chun athnuachan ó ghlúin go glúin agus leanúnachas gníomhaíochtaí iascaireachta a éascú.

7. De mhaolú ar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, go háirithe Airteagal 22 de, féadfar a áireamh ar an tacaíocht faoin Airteagal seo comharbas, aistriú nó fáil soithí iascaireachta, ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar an acmhainneacht iascaireachta mar

	thoradh ar an tacaíocht sin agus go bhfuil sí i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán sin.
	8. D'ainneoin Airteagal 211 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006[20] ón gComhairle, ní bheidh feidhm ag Airteagail 107, 108 agus 109 CFAE maidir le híocaíochtaí a bheartaítear chun tacú le táirgeadh talmhaíochta áitiúil nó maidir le socruithe sonracha soláthair arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

Aistrithe ó Airteagal 85 den togra maidir le pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (2025/0240(COD))

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní thabharfar tacaíocht don chabhlach iascaireachta ná d'oibreoirí nach gcomhlíonann ***comhaontú EDT maidir le fóirdheontais iascaigh agus*** cuspóirí CBI dá dtagraítear in Airteagal 43(2) CFAE agus in Airteagal 2 de Rialachán CBI.	1. Ní thabharfar tacaíocht don chabhlach iascaireachta ná d'oibreoirí nach gcomhlíonann cuspóirí CBI dá dtagraítear in Airteagal 43(2) CFAE agus in Airteagal 2 de Rialachán CBI.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

3. Níl aistriú soithí iascaireachta go tríú tíortha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhfhiontair a chruthú le comhpháirtithe tríú tíortha agus aistriú úinéireacht gnólachta, i dteideal tacaíocht a fháil.	***scriosta***

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní thacófar le mianadóireacht domhainfharraige.	***scriosta***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3g(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 7 bliana ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3g(6) a

chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3g(6) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

7. Aon treoir nó treoirlínte ón gCoimisiún a ghabhann le rialacháin CAI, mar shampla dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán 2025/0545, beidh siad beartaithe chun faisnéis a sholáthar do na Ballstáit agus do thairbhithe féideartha na gcistí, agus chuige sin amháin, agus ní bhraithfear orthu mar bhonn d'iarraidh ar léirmhíniú dlíthiúil i gcás imeachtaí dlíthiúla.

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	-1. Beidh an Rialachán seo gan dochar do leanúnachas nó do mhodhnú na ngníomhaíochtaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le bearta sonracha, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) 2021/1139.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is deis ríthábhachtach é an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) chun a áirithiú go leanfaidh earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe an Aontais de bheith athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe, agus leanúint de thacaíocht a thabhairt ag an am céanna do shlite beatha na bpobal cósta agus na réigiún is forimeallaí a bhraitheann go mór ar na gníomhaíochtaí sin. Sa chomhthéacs sin, measann an Rapóirtéir go bhfuil an rialachán earnála atá beartaithe maidir le hiascach ríthábhachtach chun tosaíochtaí an Iascaigh agus an Dobharshaothraithe a léiriú. Ní léirítear sa togra ón gCoimisiún an uaillmhian lena bhféachtar leis na hearnálacha sin a neartú agus an gá atá le hiomaíochas, inbhuanaitheacht, réaltachtaí eacnamaíocha agus físeanna fadtéarmacha a léiriú ar bhealach níos fearr feadh cuspóirí comhshaoil.

Is é is príomhthosaíocht don tuarascáil seo ná simpliú a áirithiú do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara chomh maith le comhleanúnachas ar fud ionstraimí an Aontais. Dá bhrí sin, tacaíonn an Rapóirtéir le haistriú agus comhtháthú spriocdhírithe na bhforálacha ábhartha ó Rialachán CNR sa rialachán earnálach seo, d'fhonn an struchtúr dlíthiúil a shimpliú agus ilroinnt a sheachaint. Leis an gcur chuige sin, feabhsófar soiléireacht do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara, laghdófar an t-ualach riaracháin, agus áiritheofar go n-oibreoidh sásraí cistiúcháin ar bhealach níos cuíchóirithe agus níos intuartha.

Ag an am céanna, cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit i gcur chun feidhme na gcistí. Tá éagsúlacht shuntasach idir earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe ar fud an Aontais, agus bheadh an baol ann go mbainfí an bonn d'éifeachtacht le cur chuige a oireann do chách. Dá bhrí sin, ní mór na Ballstáit a chumhachtú chun infheistíochtaí a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha, agus iad lánchuntasach i gcónaí as a áirithiú go ndéanfar acmhainní leithdháilte a dhíriú go héifeachtach ar chuspóirí iascaigh agus dobharshaothraithe.

Mar sin féin, ní mór coimircí soiléire a bheith ag gabháil leis an tsolúbthacht sin. Ba cheart cistiú ón Aontas a bheith tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt don earnáil, lena n-áirítear trí infheistíochtaí lena gcuirtear athnuachan ó ghlúin go glúin, nuachóiriú cabhlach, agus glacadh réiteach nuálach bunaithe ar theicneolaíochtaí Eorpacha chun cinn. Tá infheistíochtaí den sórt sin fíor-riachtanach ní hamháin chun sábháilteacht, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú, ach chun an earnáil a dhéanamh níos tarraingtí do na glúnta óga agus do ghairmithe oilte freisin. I ndáil leis an méid sin, ba cheart tacaíocht phoiblí a bheith ina spreagadh chun infheistíocht bhreise phríobháideach agus phoiblí a ghiaráil, agus ar an gcaoi sin a tionchar a mhéadú agus fás fadtéarmach a chothú.

Leagann an Rapóirtéir béim freisin ar an ngné chríochach níos leithne den bheartas iascaigh. Is minic a bhíonn pobail chósta agus na réigiúin is forimeallaí ag brath go struchtúrach ar iascach agus ar dhobharshaothrú, agus bíonn dúshláin shocheacnamaíocha ar leith rompu. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht leanúnach spriocdhírithe a áirithiú do na limistéir sin chun poist a chaomhnú, comhtháthú sóisialta a choinneáil ar bun, agus dídhaonrú a chosc. Dá bhrí sin, ba cheart a riachtanais shonracha a aithint go sainráite sa rialachán agus uirlisí leordhóthanacha a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt orthu.

Ar deireadh, leagann an rapóirtéir béim ar ghné institiúideach an togra. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa, mar chomhreachtóir, a sainchumais a fheidhmiú go hiomlán maidir leis an gcreat

dlíthiúil lena rialaítear cistiú an Aontais a mhúnlú. Aon fhorálacha a d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú, ní mór grinnscrúdú cúramach a dhéanamh orthu agus, i gcás inar gá, iad a athbhreithniú. Tá creat dlíthiúil atá soiléir, cobhsaí agus cuntasach go daonlathach fíor-riachtanach chun cur chun feidhme cuí an bheartais a áirithiú agus chun muinín a choinneáil ar bun i measc páirtithe leasmhara.

Mar fhocal scoir, creideann an Rapóirtéir gur féidir ról cinntitheach a bheith ag an rialachán atá beartaithe maidir le hearnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe a neartú ar fud an Aontais, ar choinníoll go n-áirithítear leis comhleanúnachas, solúbthacht, infheistíocht spriocdhírithe, agus lánurraim don chothromaíocht institiúideach. Tá na gnéithe sin fíor-riachtanach chun beartas a chur i gcrích atá éifeachtach agus réamhbhreathnaitheach araon.